C/2026/6049

18.11.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12566 — TRITON / BUREAU VERITAS FUEL & COAL TIC DIVISION)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/6049)

1. An 9 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Triton Fund 6 GP SARL (Lucsamburg), faoi rialú Triton GP HoldCo SARL ('Triton', Lucsamburg),

— IOL Investments B.V. (an Ísiltír), Inspectorate International Ltd (an Ríocht Aontaithe) agus Bureau Veritas Commodities & Trade Inc. (na Stáit Aontaithe), le chéile 'an spriocghnóthas', faoi rialú Bureau Veritas S.A., (an Fhrainc).

Gheobhaidh Triton Fund 6 GP SARL rialú aonair ar an spriocghnóthas ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir cistí infheistíochta é Triton atá lonnaithe i Lucsamburg agus a infheistíonn go príomha i ngnólachtaí meánmhéide ar fud Lár agus Thuaisceart na hEorpa, agus béim ar leith á leagan ar sheirbhísí gnó, ar thionscail agus ar an tsláinte,

— Is soláthraí domhanda seirbhísí tástála, cigireachta agus deimhniúcháin é an spriocghnóthas le haghaidh táirgí breosla agus guail, arna n-eagrú thar thrí líne táirgí: (i) ola agus peitriceimiceáin; (ii) speisialtachtaí; agus (iii) gual, agus gníomhaíochtaí áirithe i miotail agus mianraí agus tástáil talmhaíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12566 — TRITON / BUREAU VERITAS FUEL & COAL TIC DIVISION

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË